Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

**COMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ**

**FÓGRA MAIDIR LE FACHTÓIR ÁITIÚIL AN COIGEARTAITHE A BHUNÚ DON BHLIAIN 2026**

**(CÁIN MAOINE ÁITIÚIL)**

## Forbhreathnú

Déanann an tAcht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil) 2012 (arna leasú) foráil ar leith go bhféadfaidh comhaltaí tofa aon údaráis áitiúil rún foirmiúil a rith le haghaidh bunráta na Cánach Maoine Áitiúil dá gcuid limistéar riaracháin a athrú de réir céatadán ar a dtugtar Fachtóir Áitiúil an Choigeartaithe.

Ciallaíonn seo gur féidir le Comhairle Contae Fhine Gall bunráta na Cánach Maoine Áitiúil laistigh den Chontae a mhéadú nó a laghdú faoi +/-15% ar a mhéad, nó á fhágáil gan athrú.

Bhain laghdú 7.5% ar bhunráta an CMÁ le tréimhse an 1 Samhain 2024 (dáta an dliteanais) go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2025. Téann an ráta ar ais go dtí an bunráta ar an 1 Samhain 2025, sé sin, an ráta réamhchoigeartaithe, agus caithfidh na Comhaltaí Tofa a mheas anois an laghdófar an bunráta, an bhfágfar é gan athrú nó an méadfar é le haghaidh na bliana 2026.

**Cén fáth a bhfuil comhaitliúcháin á reáchtáil againn?**

Tionólfar crinniú na Comhairle le chéile chun socraithe Fachtóir Áitiúil an Choigeartaithe don bhliain 2026 a bhreithniú. Ní mór do na comhaltaí a chinneadh cé acu ar cheart an t-athrú a glacadh don bhliain 2024 a choinneáil, a athrú go rátaeile, nó gan aon athrú a chur i bhfeidhm.

Cuireann Comhairle Contae Fhine Gall fáilte roimh aighneachtaí ón bpobal ar an ábhar seo a chlúdaíonn ar leith na héifeachtaí a d'fhéadfadh  a bhaint le hathrú ar an mbunráta an Cháin Mhaoine Áitiúil ar ghnólachtaí, ar dhaoine aonair agus ar sheirbhísí an údaráis áitiúil.

**Ar mhaith leat aighneacht a dhéanamh?**

Sí tréimhse na n-aighneachtaí ná **Dé hAoine an 23 Bealtaine 2025 go dtí 12 meán lae Dé Luain an 23 Meitheamh 2025.**

Is féidir leat aighneacht a dhéanamh mar seo a leanas:-

- logáil isteach ar https://consult.fingal.ie/en/surveys agus an suirbhé ar líne a chríochn.

Déanfar gach trácht, lena n-áirítear ainmneacha agus seoltaí iad siúd a rinne a gcuid tuairimí, a chur faoi bhráid na Comhairle maidir le próiseas seo an chomhairliúcháin mar chuid den tuarascáil a bhfuil éileamh reachtúil uirthi a chur os comhair  cruinniú de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall. Dá réir sin, cuirfear san áireamh iad freisin i miontuairiscí an chruinnithe sin agus beidh siad le feiceáil mar sin ar shuíomh Gréasáin na Comhairle.